

Oisín i dTír na nÓg - Achoimre.

Bhí trí chéad fear ag baint chloch i nGleann na Smól. Bhí an chloch iontach mór agus ní raibh siad ábalta í a bhogadh. Chonaic siad fear mór dathúil ag teacht chucu ar each bán. Mar chuidiú, luigh sé ar a chapall agus rug sé ar an leac. Bhris giorta an eich agus thit an fear go talamh. D'imigh an t-each agus fágadh é ina sheanduine. D'inis sé do Phádraig Naofa gurbh é Oisín. D'inis sé a scéal faoi Niamh agus Tír na nÓg:

Maidin amháin bhí na Fianna ag seilg fá Loch Léin. Chonaic siad bean álainn ag teacht chucu ar each bán. Niamh Chinn Óir ab ainm di agus ba í iníon Rí na nÓg. Tháinig sí le grá d'Oisín agus chuir sí geasa air teacht léi. Chuaigh sé ar an each léi, ach bhí brón an domhain air a athair a fhágáil. Thug an capall trasna na farraige iad. Bhí cumha an domhain ar na Fianna.

Shroich Oisín agus Niamh dún Rí na mBeo. Bhí iníon an rí ina brá ag fathach dárbh ainm Fómhar Builleach. Bhain Oisín an ceann de agus lig sé saor iníon an rí. Lean siad ar aghaidh go Tír na nÓg agus chaith siad deich lá ag ceiliúradh. Pósadh an bheirt, agus bhí beirt mhac agus iníon amháin acu. Mhair siad go sona sásta agus níor tháinig meath ná aois orthu.

Tháinig fonn ar Oisín Fionn agus na Fianna a fheiceáil arís. Thug Niamh rabhadh dó dá dtiocfadh sé anuas den each bán, nach bhfillfeadh sé choíche. Ach dúirt sé léi gan bheith buartha agus d'fhág sé slán ag a chlann. Nuair a tháinig sé i dtír in Éirinn, bhuail sé le slua a cheistigh sé faoi na Fianna. Dúradh leis nach raibh siad beo ach amháin sa tseanchas.

Ansin chuaigh sé chuig Almhain Laighean, ach ní raibh ann ach fiailí agus neantóg. Chuaigh sé chun cabhrú leis na fir a bhí ag baint chloch. Thit sé den each bán agus chaill Oisín a neart, a óige agus amharc a shúl. Bhí trua ag Pádraig d'Oisín. Dúirt sé leis gan bheith buartha mar go rachadh sé ar Neamh mar chúiteamh. Ba mhaith leis seanchas a fháil uaidh agus soiscéal Dé a theagasc dó. Thoiligh an seanfhear bocht dul le Pádraig.